2024/2199 5.9.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2199 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4 Meán Fómhair 2024**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1044 a mhéid a bhaineann le hathruithe riaracháin agus mionathruithe ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Pesguard® Gel'**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Meitheamh 2021, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1044 ón gCoimisiún ([2]), deonaíodh údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0024951-0000 do Sumitomo Chemical Agro Europe SAS maidir leis an táirge bithicídeach aonair 'Pesguard® Gel' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid. Soláthraíonn an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin an achoimre ar shaintréithe táirge ('SPC') le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Pesguard® Gel', i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos rialacha nós imeachta le haghaidh na gcatagóirí éagsúla athruithe dá dtagraítear in Airteagal 50(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Tar éis tuairim a fháil ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') maidir leis an iarratas ó shealbhóir údaraithe Aontais, agus é ag iarraidh aon fhaisnéis arna cur isteach don iarratas tosaigh ar údarú a athrú, is faoin gCoimisiún atá sé cinneadh a dhéanamh an gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 19, nó i gcás inarb ábhartha, Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh, 528/2012 go fóill agus an bhfuil gá le téarmaí agus coinníollacha an údaraithe a leasú.

(3) An 8 Aibreán 2022 chuir Sumitomo Chemical Agro Europe SAS iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta ar mhionathrú ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Pesguard® Gel' i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, rud a taifeadadh sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha ('an Clár') faoin gcás-uimhir BC-BL074962-31, chun an tiúchan de dhá shubstaint ar údar imní iad sa táirge a mhéadú. Ina theannta sin, thug sealbhóir an údaraithe fógra faoi athruithe ar láithreán monaraíochta agus ar shonraí riaracháin monaróirí substaintí gníomhacha i gcomhréir le hAirteagal 11(1) den Rialachán sin.

(4) An 31 Iúil 2023, chuir Sumitomo Chemical Agro Europe SAS fógra faoi bhráid na Gníomhaireachta maidir le hathruithe riaracháin breise chun trádainm nua a chur leis an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Pesguard® Gel', i gcomhréir le hAirteagal 11 (1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, rud a taifeadadh sa Chlár faoin gcás-uimhir BC-RB088051-50.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1044 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2021 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Pesguard® Gel' (IO L 225, 25.6.2021, lch. 54, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1044/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe ar tháirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

(5) An 7 Meán Fómhair 2023, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an athrú riaracháin ar tugadh fógra faoi ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Pesguard® Gel' an 31 Iúil 2023, i gcomhréir le hAirteagal 11 (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, in éineacht le SPC athbhreithnithe. Sa tuairim sin, tagtar ar an gconclúid gur athrú riaracháin é an trádainm nua atá beartaithe a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (aa), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus mar a shonraítear i dTeideal 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, agus go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 528/2012 go fóill tar éis an t-athrú a chur chun feidhme.

(6) An 9 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([5]) faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an iarratas ar mhionathruithe ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh 'Pesguard® Gel' an 8 Aibreán 2022 i gcomhréir le hAirteagal 12 (4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, in éineacht le SPC athbhreithnithe agus tuarascáil mheasúnachta athbhreithnithe. Thángthas ar an gconclúid sa tuairim sin nach mionathrú é an méadú ar thiúchan an dá shubstaint ar údar imní iad sa táirge i gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (ab), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus mar a shonraítear i dTeideal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013. Mar sin féin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur athruithe riaracháin iad na hathruithe a bhaineann le láithreán monaraíochta nua le haghaidh na substainte gníomhaí clóitiainidín a chur leis agus le hathrú ar sheoladh mhonaróir an dá shubstaint ghníomhacha, i gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (aa), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 mar a shonraítear i dTeideal 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, agus go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 528/2012 go fóill tar éis na hathruithe sin a chur chun feidhme.

(7) An 10 Samhain 2023, sheol an Ghníomhaireacht an SPC athbhreithnithe an údaraithe Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Pesguard® Gel' chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus cumhdaítear ann na hathruithe riaracháin ar cuireadh iarratas isteach ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 11 (6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013.

(8) Comhaontaíonn an Coimisiún leis na tuairimí ón nGníomhaireacht agus dá bhrí sin, measann sé gurb iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Pesguard® Gel' a leasú chun na hathruithe riaracháin a d'iarr Sumitomo Chemical Agro Europe SAS agus ar thacaigh an Ghníomhaireacht leo a thabhairt isteach.

(9) Maidir leis an iarratas ar an méadú ar thiúchan an dá shubstaint ar údar imní iad sa táirge, ní féidir a mheas gur mionathrú é sin i gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (ab), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus mar a shonraítear i dTeideal 2, pointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013. Mórathrú a bheadh in athrú den chineál sin agus bheadh gá le hiarratas ar mhórathrú ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, chun a áirithiú go ndéanfaí meastóireacht iomchuí air. In éagmais measúnaithe den chineál sin, ní féidir leis an gCoimisiún a chinneadh an gcomhlíonfaí coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 fós agus an bhféadfaí an t-údarú a leasú. Dá bhrí sin, ba cheart diúltú don chuid sin den iarratas ar mhéadú ar thiúchan an dá shubstaint ar údar imní iad.

(10) Ach amháin i gcás na leasuithe a bhaineann leis na hathruithe riaracháin, fanann gach faisnéis eile a áirítear in SPC 'Pesguard® Gel', mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1044, gan athrú.

(11) Chun soiléireacht a fheabhsú agus chun éascú a dhéanamh ar rochtain úsáideoirí agus páirtithe leasmhara ar an leagan comhdhlúite críochnaitheach den SPC atá le foilsiú ag an nGníomhaireacht, ba cheart Iarscríbhinn iomlán nua a chur in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1044.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1044 a leasú dá réir,

([4]) Tuairim ó ECHA maidir leis an athrú riaracháin ar údarú Aontais an táirge bhithicídigh aonair 'Pesguard® Gel' an 7 Meán Fómhair 2023, Tuairim Uimh. UAD-C-1680571-32-00/F, (https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation).

([5]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an mionathrú ar údarú Aontais an táirge bhithicídigh aonair 'Pesguard® Gel' an 9 Deireadh Fómhair 2023, ECHA/BPC/395/2023, (https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1044.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meán Fómhair 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE HAGHAIDH TÁIRGE BITHICÍDEACH**

Pesguard® Gel

**Cineál nó cineálacha táirge**

PT18: Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh

**Uimhir an údaraithe:** EU-0024951-0000

**Uimhir sócmhainne R4BP:** EU-0024951-0000

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Trádainm/trádainmneacha an táirge**

| | |
|---|---|
| Trádainm/trádainmneacha | Pesguard® Gel<br>GOLIATH® GEL NEW |

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe | Ainm | Sumitomo Chemical Agro Europe SAS |
| | Seoladh | 10A, rue de la Voie Lactée, 69370 Saint- Didier- au-Mont d’Or, France |
| Uimhir an údaraithe | EU-0024951-0000 | |
| *Uimhir sócmhainne R4BP* | EU-0024951-0000 | |
| Dáta an údaraithe | 25 Méan Fómhair 2024 | |
| Dáta éaga an údaraithe | 30 Meitheamh 2026 | |

1.3. **Monaróir/monaróirí an táirge**

| | |
|---|---|
| Ainm an mhonaróra | McLaughlin Gormley King Company (MGK) |
| Seoladh an mhonaróra | 8810 10th Avenue North MN 55427 Minneapolis Na Stáit Aontaithe |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | McLaughlin Gormley King Company (MGK) site 1 McLaughlin Gormley King Company, 4001 Peavey Road, MN 55318, Chaska, Na Stáit Aontaithe |

1.4. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

| | |
|---|---|
| Substaint ghníomhach | (E)-1-(2-Clórai– 1,3-tiasól-5-ilmeitil)-3-meitil-2-nítreaguain-idín Clóitiainidín |
| Ainm an mhonaróra | Sumitomo Chemical Co. Ltd. |
| Seoladh an mhonaróra | 7-1, Nihonbashi 2-chome, Chuo-ku 103-6020 Tokyo An tSeapáin |

| | |
|---|---|
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Sumitomo Chemical Co. Ltd. site 1 Sumitomo Chemical Company LTD, Oita Works, 2200, Tsurusaki, Oita City, 870-0106 Oita, An tSeapáin<br>Sumitomo Chemical Co. Ltd. site 2 Jiangsu Flag Chemical Industry Co., Ltd., No.309, Changfenghe Road, Nanjing Chemical, Industry Park 210047 Nanjing, An tSín |

| | |
|---|---|
| Substaint ghníomhach | pireaprocsaifein |
| Ainm an mhonaróra | Sumitomo Chemical Co. Ltd. |
| Seoladh an mhonaróra | 7-1, Nihonbashi 2-chome, Chuo-ku 103-6020 Tokyo An tSeapáin |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Sumitomo Chemical Co. Ltd. site 1 Sumitomo Chemical Company LTD, Misawa Works, Aza-Sabishirotaira, Oaza-Misawa, Misawa, 033-0022 Aomori An tSeapáin |

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE**

## 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge

| Gnáthainm | Ainm IUPAC | Feidhm | Uimhir CAS | Uimhir CE | Cion (%) |
|---|---|---|---|---|---|
| (E)-1-(2-Clórai– 1,3-tiasól-5-ilmeitil)-3-meitil-2-nítreag-uainidín Clóitiainidín | | substaint ghníomhach | 210880-92-5 | 433-460-1 | 0,526 |
| pireaprocsaifein | 4-phenoxy-phenyl (RS)-2-(2-pyridyloxy) propyl ether | substaint ghníomhach | 95737-68-1 | 429-800-1 | 0,515 |
| Aigéad aicéiteach | Aigéad eatánóch | Substaint neamhghníomhach | 64-19-7 | 200-580-7 | 0,3 |
| Sorbáit potaisiam | potaisiam (E,E)-hexa– 2,4-dienoate | Substaint neamhghníomhach | 24634-61-5 | 246-376-1 | 0,5 |

## 2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe

RB Baoite (réidh le húsáid)

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM**

| | |
|---|---|
| Ráitis ghuaise | H317: D’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomh ailléirgeach craicinn.<br>H410: An-tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha. |

| | |
|---|---|
| Ráitis réamhchúraim | P302+P352: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN: Nigh le neart uisce.<br>P333+P313: I gcás greannú nó grís craicinn: Faigh comhairle.<br>P280: Caith lámhainní cosanta.<br>P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol.<br>P501: Diúscair coimeádán i i gcomhréir le rialacháin áitiúla.<br>P391: Bailigh doirteadh. |

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE**

## 4.1. Tuairisc úsáide

*Tábla 1.*

**Úsáid Ghairmiúil - Baoite RTU**

| | |
|---|---|
| An cineál táirge | PT18: Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh |
| I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe | Feithidicíd |
| Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha) | Ainm eolaíoch: Blattella germanica<br>Gnáthainm: An chiaróg rua Gearmánach<br>Céim na forbartha: Nimfeacha<br><br>Ainm eolaíoch: Blattella germanica<br>Gnáthainm: An chiaróg rua Gearmánach<br>Céim na forbartha: Aosaigh<br><br>Ainm eolaíoch: Supella longipalpa<br>Gnáthainm: An chiaróg rua le bandaí donna<br>Céim na forbartha: Nimfeacha<br><br>Ainm eolaíoch: Supella longipalpa<br>Gnáthainm: An chiaróg rua le bandaí donna<br>Céim na forbartha: Aosaigh<br><br>Ainm eolaíoch: Blatta orientalis<br>Gnáthainm: An Chiaróg Dhubh<br>Céim na forbartha: Nimfeacha<br><br>Ainm eolaíoch: Blatta orientalis<br>Gnáthainm: An Chiaróg Dhubh<br>Céim na forbartha: Aosaigh<br><br>Ainm eolaíoch: Periplaneta americana<br>Gnáthainm: An Chiaróg Rua Mheiriceánach<br>Céim na forbartha: Nimfeacha<br><br>Ainm eolaíoch: Periplaneta americana<br>Gnáthainm: An Chiaróg Rua Mheiriceánach<br>Céim na forbartha: Aosaigh |
| Réimse (nó réimsí) úsáide | úsáid laistigh<br><br>I scoilteanna agus i scáintí, nó i láithreacha ceilte nach féidir le daoine nó le hainmhithe clóis dul iontu; taobh thiar de chuisneoirí, de chófraí agus de sheilfeanna, faoi fhearais chistine, i mboscaí rialaithe leictreachais, i bhfásáin agus i nduchtáil agus faoi fheistis i seomraí folctha, etc. |

| | |
|---|---|
| Modh (nó modhanna) úsáide | Airí modha: Cur síos an bhaoite<br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Baoite glótháin feithidicídeach atá réidh le húsáid (RTU) le haghaidh ciaróga rua a shrianadh i sláinteachas poiblí |
| Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe | Ráta úsáide: Ba cheart Pesguard® Gel a chur síos mar roinnt spotaí de thrastomhas thart ar 4 mm (agus thart ar 0,032 g de bhaoite i ngach spota).<br>Caolú (%): 0<br>Airí uainithe:<br>I gcásanna inmhíolaithe tromchúisigh, nuair a bhíonn speicis níos mó de chiaróga rua i láthair (B. orientalis nó P. americana), in áiteanna atá thar a bheith salach nó trína chéile nó nuair nach féidir foinsí malartacha bia a dhíothú ina n-iomláine, ba cheart an ráta curtha síos níos airde (e.g. 2 spota ina ionad 1 spota in aghaidh an $m^2$ i gcás inmhíolú éadrom) a úsáid.<br>— · Inmhíolú éadrom 1 - 2 (0,032 – 0,064 g) spota in aghaidh an $m^2$<br>— · Inmhíolú meánmhéide 3 - 6 (0,096 – 0,192 g) spota in aghaidh an $m^2$<br>— · Inmhíolú trom 6 - 10 (0,192 – 0,320 g) spota in aghaidh an $m^2$<br>Níor cheart é a chur síos níos mó ná 11 uair in aghaidh na bliana. |
| Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí | gairmiúil |
| Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta | Steallaire Polapróipiléin (PP) 30 g<br>Caipín scriú Poileitiléin Ard-dlúis (HDPE) |

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha úsáide ginearálta

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha úsáide ginearálta

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha úsáide ginearálta

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha úsáide ginearálta

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha úsáide ginearálta

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE** [1]

## 5.1. Treoracha úsáide

Léigh an lipéad nó an bhileog roimh úsáid agus comhlíon agus lean na treoracha uile arna gcur ar fáil.

[1] Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáid údaraithe.

Ná fág leaganacha baoite gan chosaint ar sholas gréine nó ar theas (e.g. radaitheoir).

Tá an taisce plaisteach réamhlíonta ina bhfuil Pesguard® Gel beartaithe le húsáid leis an suncaire atá curtha ar fáil nó le gaireas curtha baoite sainiúil a fhaightear go coitianta sa tionscal srianta lotnaidí. Féach treoracha an déantóra maidir le treoracha le haghaidh an forchuradóir a úsáid.

Insteall an baoite i scoilteanna agus i scáintí, i bhfásáin, nó i láithreacha ceilte nach féidir le daoine nó le hainmhithe clóis dul iontu ina bhféadfadh feithidí a bheith ag maireachtáil, ag beathú agus ag síolrú. De ghnáth bíonn a leithéid d'áiteanna te/tais agus dorcha (taobh thiar de chuisneoirí, de chófraí agus de sheilfeanna, faoi fhearais chistine, i mboscaí rialaithe leictreachais, i bhfásáin agus i nduchtáil agus faoi fheistis i seomraí folctha, etc.). Moltar go ndéantar iniúchadh nó gaistiú chun inmhíolú a dhearbhú sula ndéantar cóireáil. Cinntigh go mbaintear foinsí malartacha bia ar bith agus déan leaganacha an bhaoite a dhíriú mar spotaí aonair ag láithreáin ghníomhaíochta na gciaróg rua. Níor cheart an táirge a chur síos ach in áiteanna nach féidir le páistí nó le peataí dul iontu.

Ná cuir Pesguard® Gel síos in áiteanna a mbeidh sé i dteagmháil le huisce nó in áiteanna a dhéantar a ghlanadh go rialta. De ghnáth gheobhaidh ciaróga rua bás roinnt uaireanta tar éis beathú amháin ar Pesguard Gel. In áitribh inmhíolaithe, feicfear ciaróga rua marbha de ghnáth laistigh de 24 huaire ón gcóireáil.

Bain an caipín ón mbuinne, leag an barr ar an dromchla atá le cóireáil, agus brúigh síos ar an suncaire. Cuir an caipín ar an dáileoir arís tar éis chríochnú na cóireála.

Greamóidh an baoite de dhromchlaí nach bhfuil gréisceach ná deannachúla agus fanfaidh sé solúbtha agus blasta do chiaróga rua fad agus is féidir a fheiceáil go bhfuil sé ann.

Ba cheart iniúchadh amhairc a dhéanamh ar áiteanna cóireáilte tar éis 1-2 sheachtain. Nuair a bhí an t-inmhíolú tosaigh trom d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach Pesguard® Gel a chur síos don dara huair má itheadh an chéad chóireáil agus tá ciaróga rua beo fós ann.

Moltar go ndéantar dara hiniúchadh amhairc ar leaganacha an bhaoite 2-4 sheachtain tar éis na cóireála tosaigh. Cuir síos an baoite arís nuair nach féidir a fheiceáil go bhfuil sé fós ann, de réir leibhéal an inmhíolaithe (éadrom, meánmhéide nó trom). Cuir an baoite ar ais arís sula ndéantar é a ithe ina iomláine d'fhonn ciaróga rua a choimeád ó theacht ar ais.

Cuir sealbhóir an chlárúcháin ar an eolas mura bhfuil an chóireáil éifeachtach.

Ní mór doirteadh agus iarmharaigh ina bhfuil an táirge a bhaint mar dhramhaíl cheimiceach.

Ba cheart cúram a ghlacadh chun leaganglótháin ar dhromchlaí nochta a sheachaint. Má thagann glóthán i dteagmháil ledromchla nochta, bain an glóthán le tuáille páipéir agus glan an áit leceirtíní taise indiúscartha.

Le linn cuairteanna ina dhiaidh sin, déan iniúchadhar leaganacha baoite agus cuir síos arís é nuair is gá.

Ná cuir baoite i láithreacha a nitear go rialta, marbainfear an baoite leis an níochán. Ná bain úsáid as an táirge seo i dtrealamhleictreach nó ar threalamh leictreach áit a mbíonn guais turrainge féideartha.Seachain teagmháil le teicstílí agus le héadaí, mar d'fhéadfaí smál a fhágáilorthu.

## 5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Caith lámhainní cosanta atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán le linn chéim láimhsithe an táirge (ní mór do shealbhóir an údarúcháin ábhar na lámhainní a shonrú laistigh den fhaisnéis faoin táirge).

Ná cuir baoite síos in áiteanna inar úsáideadh feithidicídí éarthacha gan an dromchla a ghlanadh ina iomláine le ciarsúr páipéir tais indiúscartha. Ná cuir feithidicídí éarthacha síos tar éis an baoite a chur síos.

Na cuir é go díreach ar bhia, ar bheatha nó ar dheochanna nó in aice leo, ná ar dhromchlaí nó ar uirlisí is dócha go mbeidh siad i dteagmháil le bia, le beatha, le deochanna agus le hainmhithe.

Ní mór doirteadh agus iarmharaigh ina bhfuil an táirge a bhaint mar dhramhaíl cheimiceach.

Seachain glóthán a chur ar fhabraicí nó ar chairpéid ós rud é go bhféadfadh sé smál a fhágáil ar ábhair ionsúiteacha áirithe. D'fhonn smálú a sheachaint, ba cheart baoite nochta a ghlanadh suas láithreach bonn le ceirtíní taise indiúscartha.

Ní mór ábhair ghlantacháin a dhiúscairt mar dhramhaíl sholadach.

## 5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Tá clóitiainídin sa táirge bithicídeach seo, rud atá díobhálach do bheacha.

*Cur síos ar bhearta garchabhrach*

Teagmháil le craiceann: Bain na héadaí éillithe láithreach bonn agus nigh an craiceann le gallúnach agus uisce. Faigh cóir leighis má leanann an greannú ar aghaidh tar éis an ní.

Teagmháil leis na súile: Má tharlaíonn siomptóim; sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí tadhaill, más ann dóibh agus más éasca sin a dhéanamh. Glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Ionghabháil: Má shlogtar é: Má tharlaíonn siomptóim glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Má ionanálaítear é: neamhbhainteach.

*Ná siomptóim agus iarmhairtí is tábhachtaí, idir chinn ghéara agus mhoillithe*

Na súile: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le greannú súl.

*Bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Seachain scaoileadh an táirge sa chomhshaol

### 5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Ná cuir ach coimeádáin fholmha agus pacáistíocht fholamh ar aghaidh le haghaidh athchúrsála.

Ba cheart go mbeadh diúscairt na pacáistíochta seo i gcomhréir i gcónaí leis an reachtaíocht um dhiúscairt dramhaíola agus le riachtanais ar bith de chuid an údaráis áitiúil réigiúnaigh.

### 5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Cosain ar shioc. Stóráil i bhfad ó áit a mbíonn an ghrian ag soilsiú go díreach air.

Seilfré: 2 bhliain.

## Caibidil 6. FAISNÉIS EILE

—